C/2025/6227

17.11.2025

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

maidir le trédhearcacht fheabhsaithe agus dea-rialachas agus deiseanna iascaireachta á gcionroinnt ag na Ballstáit: Vade mecum i dtaca le cur i bhfeidhm Airteagail 16 agus 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh

(C/2025/6227)

1. RÉAMHRÁ

Cuireann deiseanna iascaireachta teidlíocht dhlíthiúil chainníochtaithe iascaireachta ar fáil ([1]) agus tá siad fíor-riachtanach chun bainistiú inbhuanaithe acmhainne nádúrtha comhchoitinne a áirithiú, acmhainn is féidir a ídiú má dhéantar róshaothrú uirthi. Nuair a chionroinnfidh na Ballstáit na deiseanna iascaireachta atá ar fáil dóibh, ní mór dóibh é sin a dhéanamh i gcomhréir leis an bhfreagracht atá orthu acmhainn nádúrtha chomhroinnte choiteann a bhainistiú agus a chaomhnú. An tráth céanna, ba cheart acmhainní iascaigh a bhainistiú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach. Thairis sin, mar a cuireadh i dtábhacht sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan ([2]), rannchuideoidh cleachtais shláintiúla aigéin agus athghiniúnacha le slite beatha a chothú, go háirithe i bpobail chósta, agus le slándáil bia a sholáthar, lena n-áirítear do na glúnta atá le teacht.

Trí dheiseanna iascaireachta náisiúnta a chionroinnt ar bhealach oibiachtúil trédhearcach, áirithítear cóir chomhionann d'iascairí, cothaítear muinín i measc páirtithe leasmhara, agus cuirtear chun cinn úsáid inbhuanaithe acmhainní agus cosaint na muirthimpeallachta ar a bhfuil acmhainní éisc agus, ar deireadh, an t-iascach ag brath chun go mbeidh rath orthu. Is féidir le cionroinnt thrédhearcach rannchuidiú freisin le coinbhleachtaí idir oibreoirí, cabhlaigh nó deighleoga a chosc. Is féidir úsáid bhreise a bhaint as cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus chun dreasachtaí a chruthú do shoithí iascaireachta trealamh roghnaitheach iascaireachta a úsáid, agus ar an gcaoi sin iompar agus réitigh níos inbhuanaithe a spreagadh agus a chúiteamh.

I dTeachtaireacht 2023 ón gCoimisiún maidir le feidhmiú Rialachán CBI ([3]), cuireadh i dtábhacht, i gcomhthéacs rialachas CBI a fheabhsú, go mbraitheann an dea-rialachas ar níos mó trédhearcachta freisin. Cuireadh i dtábhacht ann ceanglas Airteagal 17 de Rialachán (AE) 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh ('Rialachán CBI') ([4]), ar ceanglas é atá ar na Ballstáit, agus deiseanna iascaireachta á gcionroinnt acu, úsáid a bhaint as critéir thrédhearcacha oibiachtúla, lena n-áirítear critéir de chineál comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch. Deimhníodh freisin i dTeachtaireacht 2023 tiomantas an Choimisiúin oibriú i gcomhar le comhlachtaí eolaíocha agus leis na Ballstáit chun trédhearcacht na gcritéar sin agus a gcomhréireacht le forálacha CBI a mheasúnú agus a áirithiú a thuilleadh. Ba é an rún a bhí ann úsáid critéar a spreagadh lenar féidir cleachtais iascaireachta inbhuanaithe a chothú agus tacú le hiascairí ar mionscála agus iascairí cósta, arb ionann iad agus beagnach 75 % de na soithí iascaireachta uile atá cláraithe san Aontas agus beagnach leath den fhostaíocht ar fad in earnáil na hiascaireachta.

Mar obair leantach ar an ngealltanas sin, leis an Teachtaireacht seo, molann an Coimisiún do na Ballstáit gníomhú chun feabhas a chur ar dhea-rialachas maidir le deiseanna iascaireachta a chionroinnt, ar cheithre bhealach: 1) trédhearcacht agus faisnéis a neartú; 2) cothroime; 3) cruinneas na faisnéise a chuirtear ar fáil a áirithiú; agus 4) oiriúnacht na modhanna cionroinnte.

([1]) De réir an tsainmhínithe in Airteagal 4(32) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, Rialachán um Rialú: *ciallaíonn 'deis iascaireachta' teidlíocht dhlíthiúil chainníochtaithe iascaireachta, arna léiriú i dtéarmaí gabhálacha agus/nó iarracht iascaireachta*. Is féidir a áireamh ar theidlíocht dhlíthiúil iascaireachta freisin teorainneacha teicniúla agus geografacha ar conas, cathain agus cá háit ar féidir oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh.

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún An Comhshocrú Eorpach um an Aigéan. COM (2025) 281 final. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52025DC0281. Roinn 4 Pobail chósta agus oileáin a chosaint agus a chumhachtú.

([3]) 'An Comhbheartas Iascaigh inniu agus amárach: Comhshocrú Iascaigh agus Aigéan i dtreo bainistiú iascaigh atá inbhuanaithe, eolaíochtbhunaithe, nuálach agus cuimsitheach] COM/2023/103 (mar chuid den Phacáiste Iascaigh agus Aigéan níos leithne). https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52023DC0103.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle. IO L 354, 28.12.2013, lgh. 22–61.

Leis an Teachtaireacht seo, iarrtar ar na Ballstáit freisin machnamh a dhéanamh ar na córais agus ar na modhanna a úsáideann siad faoi láthair agus na deiseanna iascaireachta sin á gcionroinnt acu chun cleachtais iascaireachta inbhuanaithe a chothú agus chun tacú le hiascairí ar mionscála agus iascairí cósta.

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht seo (ar a dtugtar *vade mecum maidir le cionroinnt deiseanna iascaireachta a dhéanann na Ballstáit*) torthaí an Choimisiúin a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagail 16 agus 17 den Rialachán CBI, agus an rannpháirtíocht agus an t-aiseolas a fuarthas ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara á gcur san áireamh ([5]). Tugtar treoir san Iarscríbhinn freisin maidir le cur chun feidhme na nAirteagal sin nuair a chionroinneann na Ballstáit deiseanna iascaireachta ar shoithí atá faoina mbratach.

2. FAISNÉIS NÍOS SOILÉIRE MAIDIR LE MODHANNA CIONROINNTE: TRÉDHEARCACHT A NEARTÚ

Le hAirteagal 16(6) de Rialachán CBI, ceanglaítear ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na modhanna atá in úsáid acu chun a ndeiseanna iascaireachta a chionroinnt ar shoithí atá faoina mbratach. Tá an oibleagáid tuairiscithe sin tábhachtach ar chúiseanna trédhearcachta ([6]) agus tá gá léi don Choimisiún agus do na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus ar fheidhmíocht.

Mar sin féin, is léir ón gcleachtas gur chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas ar bhealaí éagsúla, le minicíochtaí éagsúla agus le mionsonraí éagsúla. Fágann sé sin go bhfuil sé deacair íomhá shoiléir a fháil dá bhfuil ag tarlú le cionroinnt deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic, cabhlaigh agus réigiúin áirithe. Dá bhrí sin, iarrtar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht seo ar na Ballstáit faisnéis íosta áirithe a chur san áireamh agus iad ag tuairisciú don Choimisiún de bhun Airteagal 16(6).

Ina theannta sin, tá trédhearcacht níos fearr vis-à-vis páirtithe leasmhara ríthábhachtach don dea-rialachas. Moltar do na Ballstáit, dá bhrí sin, faisnéis a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara faoi na modhanna a úsáideann siad chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt, faoi na critéir a úsáidtear mar a leagtar síos in Airteagal 17 de CBI, faoin ualach a thugtar do gach critéar agus faoin réasúnaíocht a bhaineann leis an ualach sin.

Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann na modhanna agus na critéir a úsáidtear ceanglais Rialachán CBI (Airteagal 17 go príomha). Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit a fhíorú an léirítear an comhlíonadh sin go cuí san fhaisnéis a thuairiscítear: (i) An léiríonn an fhaisnéis a sholáthraítear trédhearcacht agus oibiachtúlacht na gcritéar? (ii) An bhfuil ualú na gcritéar comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch leagtha amach go soiléir? (iii) An gcumhdaíonn an fhaisnéis sin na deiseanna iascaireachta uile a chionroinntear?

3. DEISEANNA IASCAIREACHTA A CHIONROINNT CHUN CLEACHTAIS IASCAIREACHTA INBHUANAITHE A CHOTHÚ AGUS CHUN TACÚ LE HIASCAIRÍ AR MIONSCÁLA AGUS IASCAIRÍ CÓSTA

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh na Ballstáit an córas cionroinnte a dhearadh chun é a ailíniú le cuspóirí CBI lena n-áirithítear inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí iascaireachta agus lena gcoinnítear ar bun solúbthacht leordhóthanach chun é a chur ar a cumas d'earnáil iascaireachta an Aontais dul in oiriúint do dhúshláin atá ag teacht chun cinn.

Léiríonn an fhaisnéis a bhailigh an Coimisiún agus a ndearna an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) anailís uirthi go bhfuil difríochtaí nach beag idir na modhanna cionroinnte tuairiscithe agus úsáid critéar lena n-áirítear critéir de chineál comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch.

Aithníonn an Coimisiún gurb iad na Ballstáit atá freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir leis na córais chionroinnte a úsáideann siad agus go bhfuil sé de shaincheart acu na hualuithe faoi seach a chinneadh do na critéir chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha a roghnaíonn siad. I bhfianaise éagsúlacht na hearnála agus an iascaigh ar fud na mBallstát, is léir nach réiteach oiriúnach a bheadh i gcur chuige 'aon réiteach amháin do chách'.

Go sonrach, níl sé d'oibleagáid ar na Ballstáit deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na cleachtais iascaireachta is inbhuanaithe ná ar iascairí ar mionscála.

([5]) Tá tuilleadh faisnéise maidir le haiseolas le fáil sna doiciméid dá dtagraítear san Iarscríbhinn, go príomha tuarascálacha 20-14, 22-14 agus 23-17 ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI).

([6]) Mar a luaitear i dTeachtaireacht 2023, an Comhbheartas Iascaigh inniu agus amárach (COM(2023) 103 final): 'Tá dea-rialachas ag brath ar níos mó trédhearcachta freisin'. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52023DC0103.

Mar sin féin, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar ailíniú na modhanna cionroinnte sin le cuspóirí CBI.

Sa chiall sin, leagann an Coimisiún béim ar mheon Airteagal 17, a léirítear in Aithris 33 de Rialachán CBI: *Ba cheart do na Ballstáit iascaireacht fhreagrach a chur chun cinn trí dhreasachtaí a chur ar fáil do na hoibreoirí sin a iascann ar an mbealach is lú a ndéantar díobháil don chomhshaol leis agus a chuireann na tairbhí is fearr ar fáil don tsochaí.*

Ó na freagraí ar na ceistneoirí agus ar na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, tá táimhe áirithe tugtha faoi deara ag an gCoimisiún maidir leis an gcaoi a gcionroinneann na Ballstáit deiseanna iascaireachta, agus tá sé tugtha faoi deara ag an gCoimisiún freisin nach ndealraíonn sé go dtugann cuid de na modhanna tuairiscithe aghaidh go leordhóthanach ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn d'iascach an Aontais.

Is léir sin go háirithe i gcás iascairí cósta ar mhionscála a mbíonn tionchar níos mó, go ginearálta, ag dúshláin orthu ([7]), amhail an ghéarchéim fuinnimh, luaineacht nádúrtha stoc (flúirse agus dáileadh), iomaíocht maidir le húsáid an spáis mhuirí, an t-athrú aeráide, díghrádú na muirthimpeallachta, speicis ionracha nó iomaíocht éagórach ó iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN).

Aithníonn an Coimisiún an ról tábhachtach atá ag iascach cósta ar mhionscála, arb ionann é agus beagnach 70 % de chabhlach na soithí san Aontas. Leagtar béim ar leith ann ar na naisc níos dlúithe atá acu le creatlach shóisialta agus eacnamaíoch na bpobal iascaireachta, ar an nasc níos dlúithe atá acu leis an gcomhshaol áitiúil, leis an tsochaí agus ar an ról tábhachtach atá acu i gcultúr agus in oidhreacht na hEorpa. Tacaítear le haitheantas a thabhairt don ról sin tríd an méid seo a leanas: (i) rochtain fhabhrach ar uiscí an Aontais suas le 12 mhuirmhíle i Rialachán CBI; (ii) tacaíocht airgeadais suas le 100 % faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) ([8]); agus (iii) maoluithe áirithe faoin Rialachán um Rialú ([9]) .

Le cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta faoi Airteagal 17 a dhéanann na Ballstáit, d'fhéadfaí ról tábhachtach an iascaigh cósta ar mionscála a léiriú ar bhealach níos fearr, mar shampla trí mhodhanna leithdháilte a ailíniú leis na riachtanais shonracha arna sainaithint faoi chlár náisiúnta CEMID le haghaidh iascairí ar mionscála chun athléimneacht a chothú.

4. AN MÉID A D'FHÉADFADH NA BALLSTÁIT A DHÉANAMH CHUN FEABHAS A CHUR AR DHEA-RIALACHAS AGUS DEISEANNA IASCAIREACHTA Á GCIONROINNT ACU

A. Muinín a chothú bunaithe ar thrédhearcacht agus ar chumarsáid

Is féidir le modhanna cionroinnte a bheith casta, agus tá sé curtha in iúl ag páirtithe leasmhara áirithe gur mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na modhanna a úsáidtear, agus ar na critéir is bonn leo. Dá bhrí sin, sa bhreis ar na ceanglais dhlíthiúla maidir leis an gCoimisiún a chur ar an eolas faoin gcaoi a gcionroinneann siad deiseanna iascaireachta ar na soithí atá faoina mbratach, iarrtar ar na Ballstáit a n-uirlisí faisnéise agus cumarsáide a neartú, chun **faisnéis réamhghníomhach a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara** maidir leis na modhanna a úsáidtear chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt (cuótaí agus iarracht) agus maidir leis an réasúnaíocht is bonn leo.

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhféadfadh Airteagal 17 a bheith ina uirlis chun freagairt do na dúshláin atá ag teacht chun cinn roimh iascach an Aontais. D'fhéadfaí na dúshláin sin a shárú trí idirphlé a chur chun cinn agus trí pháirt níos gníomhaí a thabhairt do na páirtithe leasmhara uile i gcionroinnt deiseanna iascaireachta a dhéanfadh na Ballstáit.

B. Muinín a chothú bunaithe ar chothroime

Molann an Coimisiún do na **Ballstáit gníomhaíochtaí breise a dhéanamh chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán Airteagal 17 chun cleachtais iascaireachta inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun tacú le hiascairí ar mionscála agus iascairí cósta**.

([7]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) — Tuarascáil Eacnamaíoch Bhliantúil 2024 maidir le Cabhlach Iascaireachta an Aontais (STECF 24-03 agus 24-07), PRELLEZO, R., SABATELLA, E.C., VIRTANEN, J., TARDY MARTORELL, M. agus GUILLEN, J. eagarthóir(í), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, doi:10.2760/5037826, JRC139642. Caibidil 2.7 Cabhlach Cósta Mionscála an Aontais Eorpaigh (SSCF). Leathanaigh 45 go 60. https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC139642.

([8]) Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe.

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Ar an gcéad dul síos, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar na samplaí de na critéir atá in Airteagal 17 agus ar an tionchar a bhaineann le deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na nithe seo a leanas: (i) soithí a bhfuil tionchar comhshaoil níos mó acu ná soithí eile atá ina gcabhlaigh; (ii) soithí a bhfuil cruthúnas ar neamhchomhlíonadh acu; nó (iii) soithí a chuireann gníomhaíochtaí traidisiúnta nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe bunaithe as áit.

Ar an dara dul síos, molann an Coimisiún do na Ballstáit gníomhaíochtaí a chur chun feidhme lena dtacaítear le hiascairí ar mhionscála agus leas a bhaint as na féidearthachtaí uile a thugtar faoi Airteagal 17 a d'fhéadfadh inbhuanaitheacht fhadtéarmach an iascaigh sin a dhreasú, go háirithe dóibh siúd a bhfuil tionchar níos ísle acu ar an gcomhshaol.

C. **Muinín a chothú bunaithe ar chruinneas na faisnéise a chuirtear ar fáil**

Tá éagsúlacht mhór idir cineál, méid agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise a chuireann na Ballstáit ar fáil ([10]).

Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an Coimisiún, de réir Airteagal 16(6), agus na páirtithe leasmhara, mar ábhar trédhearcachta agus dea-rialachais, a chur ar an eolas faoi na modhanna agus na critéir chionroinnte a úsáidtear **le haghaidh na ndeiseanna iascaireachta uile**. Áirítear leis sin cuótaí agus iarracht iascaireachta in uiscí an Aontais agus na deiseanna iascaireachta a shanntar do na Ballstáit in uiscí idirnáisiúnta agus trí chomhaontuithe idirnáisiúnta (amhail eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe nó cineálacha eile comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha).

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an modh cionroinnte a úsáideann siad a thuairisciú agus na trí chatagóir critéar dá dtagraítear in Airteagal 17 á gcur san áireamh, i.e. **critéir chomhshaoil, shóisialta** agus **eacnamaíocha**.

Tá trédhearcacht agus cumarsáid le páirtithe leasmhara, mar phríomh-chomhpháirteanna den dea-rialachas, ábhartha freisin maidir le deiseanna iascaireachta atá faoi réir lamháltais iascaireachta inaistrithe d'ainneoin iad a bheith eisiata ón oibleagáid an Coimisiún a chur ar an eolas, mar a leagtar síos in Airteagal 16(6).

D. **Muinín a chothú bunaithe ar oiriúnacht na modhanna cionroinnte**

Molann an Coimisiún do na Ballstáit critéir a úsáid chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt, de réir Airteagal 17 de Rialachán CBI, chun oiriúnú do dhúshláin atá ag teacht chun cinn a dhreasú. Níor cheart go mbainfeadh na **modhanna cionroinnte an bonn de chumas na mBallstát freagairt** go tapa do shaincheisteanna gan choinne.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit modhanna cionroinnte a fhorbairt lena n-áirítear an fhéidearthacht deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a ath-chionroinnt ar bhealach tráthúil, trédhearcach agus gníomhach.

Molann an Coimisiún do na Ballstáit freisin athmheasúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar na córais chionroinnte chun a áirithiú go mbeidh na **modhanna agus na critéir a úsáidtear fós ábhartha agus iomchuí** do riachtanais reatha a n-earnála iascaigh.

5. **CONCLÚID**

Tá an Coimisiún ag obair leis na Ballstáit, le CETEI agus le páirtithe leasmhara chun léargas níos soiléire a fháil ar na modhanna a úsáidtear chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt ([11]).

I bhfianaise an phróisis sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit gníomhaíochtaí breise a dhéanamh chun leas a bhaint as an acmhainneacht iomlán a chuirtear ar fáil le hAirteagal 17 chun cleachtais iascaireachta inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun tacú le hiascairí ar mionscála agus iascairí cósta.

Molann an Coimisiún do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar na príomhfhadhbanna atá ag a n-iascairí ar mionscála agus leas a bhaint as Airteagal 17 chun tacaíocht agus spás a chur ar fáil do shoithí iascaireachta áirithe ar fiú rochtain a bheith acu ar dheiseanna iascaireachta chun leanúint dá rannchuidiú le pobail inbhuanaithe iascaireachta agus iascaireachta.

([10]) Féach, mar shampla, an Coiste Eolaíoch Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) — Sonraí Sóisialta in Iascach (CETEI 23-17), Van Hoof, L., Goti, L., Tardy Martorell, M. agus Guillen, J. eagarthóir(í), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, doi:10.2760/982497, JRC136326. https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC136326.

([11]) An tuarascáil is déanaí a foilsíodh roimhe seo dá dtagraítear: An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – Sonraí Sóisialta san Iascach (CETEI 23-17).

Chun muinín i mbeartais a mhéadú, molann an Coimisiún do na Ballstáit feabhas a chur ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil do na páirtithe leasmhara maidir leis an gcaoi a gcionroinntear deiseanna iascaireachta.

Mar na chéad chéimeanna eile, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar na modhanna agus na critéir a úsáideann siad chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le cleachtais inbhuanaithe iascaireachta a chur chun cinn, tacú le hiascairí ar mionscála agus iascairí cósta, agus feabhas a chur ar chumarsáid agus trédhearcacht. Tá sé réidh chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit i ndáil leis an méid sin.

IARSCRÍBHINN

Vade mecum maidir le deiseanna iascaireachta a chionroinneann na Ballstáit (Airteagal 17 de Rialachán CBI)

Soláthraíonn an *vade mecum* seo faisnéis bhreise a d'fhéadfadh cabhrú leis na Ballstáit Airteagal 17 de Rialachán CBI (dá ngairtear 'Airteagal 17' anseo feasta) a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.

Airteagal 17 Rialachán CFP

Critéir maidir le deiseanna iascaireachta a chionroinneann na Ballstáit

Agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil dóibh, dá dtagraítear in Airteagal 16, á gcionroinnt ag na Ballstáit, bainfidh na Ballstáit leas as critéir trédhearcacha oibiachtúla lena n-áirítear critéir maidir leis an gcomhshaol agus de chineál sóisialta agus eacnamaíoch. Féadfar a áireamh leis na critéir a bheidh le húsáid, inter alia, tionchar na hiascaireachta ar an gcomhshaol, an comhlíonadh go dtí seo, an rannchuidiú leis an ngeilleagar áitiúil agus leibhéil stairiúla gabhála. Faoi chuimsiú na ndeiseanna iascaireachta a chionroinntear orthu, déanfaidh na Ballstáit iarracht dreasachtaí a chur ar fáil do shoithí iascaireachta a bhfuil leas á bhaint acu as trealamh iascaireachta roghnaíoch nó as teicnící iascaireachta a laghdaíonn an tionchar ar an gcomhshaol, amhail tomhailt laghdaithe fuinnimh nó maolú ar an damáiste a dhéantar don ghnáthóg.

MODHANNA AGUS CRITÉIR CIONROINNTE TUAIRISCITHE ARNA N-ÚSÁID AG NA BALLSTÁIT

Ó glacadh Rialachán CBI 2013, d'oibrigh an Coimisiún leis na Ballstáit chun léargas iomlán a fháil ar an gcaoi a gcuireann siad Airteagal 17 i bhfeidhm agus ar an gcaoi a gcuireann siad Airteagal 17 chun feidhme.

I dTeachtaireacht 2023 ón gCoimisiún maidir le feidhmiú Rialachán CBI ([1]), d'fhógair an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige 'plé a thionscnamh i measc na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara d'fhonn *vade mecum* a ullmhú maidir le deiseanna iascaireachta a chionroinnt chun feabhas a chur ar thrédhearcacht, cleachtais iascaireachta inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an Aontais, agus tacú le hiascairí ar mionscála agus iascairí cósta.'

Sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan, aithníonn an Coimisiún tacaíocht an iascaigh ar mhionscála mar thosaíocht agus geallann sé an vade mecum sin a ullmhú chun cuidiú le trédhearcacht a fheabhsú agus iascaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn ([2]) .

Cuireann an vade mecum seo leis na doiciméid agus na próisis seo a leanas:

— rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Meitheamh 2022 ar chur chun feidhme Airteagal 17 den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (2021/2168(INI)) ([3]);

— ceithre cheistneoir a chomhlánaigh na 22 Bhallstát chósta in 2016, 2020, 2022 agus 2023;

([1]) 'An Comhbheartas Iascaigh inniu agus amárach: Comhshocrú Iascaigh agus Aigéan i dtreo bainistiú iascaigh atá inbhuanaithe, eolaíochtbhunaithe, nuálach agus cuimsitheach' COM/2023/103 final (mar chuid den Phacáiste Iascaigh agus Aigéan níos leithne). https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52023DC0103.

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún An Comhshocrú Eorpach um an Aigéan. COM/2025/281 final. Roinn 3.1. Leathanach 10. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=comnat:COM_2025_0281_FIN.

([3]) Tuarascáil ar chur chun feidhme Airteagal 17 de Rialachán CBI (2021/2168(INI)) https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/en/procedure-file?reference=2021/2168(INI).

— trí thuarascáil ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) (20-14 ([4]), 22-14 ([5]), 23-17) ([6]); agus

— comhairliúchán tiomnaithe le páirtithe leasmhara a reáchtáladh ó mhí Feabhra go dtí mí Aibreáin 2024.

Cuireadh i dtábhacht sna doiciméid agus sna comhairliúcháin thuas gur gá don Choimisiún treoir a thabhairt maidir le hAirteagal 17 de Rialachán CBI agus maidir leis an gcaoi a gcuireann na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na modhanna cionroinnte a úsáideann siad, mar a éilítear in Airteagal 16(6) de Rialachán CBI (dá ngairtear 'Airteagal 16(6)' anseo feasta).

Sna ceithre cheistneoir a sheol an Coimisiún in 2016, 2020, 2022 agus 2023, iarradh ar na 22 Bhallstát chósta faisnéis a sholáthar maidir leis na modhanna a úsáideann siad chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt faoi Airteagal 16, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 17. Rinne CETEI measúnú ar na freagraí ar na ceistneoirí sin. Cuireadh faisnéis i gcrích le comhairliúchán amháin leis na páirtithe leasmhara ó mhí Feabhra go dtí mí Aibreáin 2024 ([7]) .

Cé gur thug gach ceann de na 22 Bhallstát chósta freagra ar na ceistneoirí, bhí éagsúlacht mhór ann maidir le cineál, méid agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise a chuir siad ar fáil. Ar an iomlán, léirigh na freagraí, mar aon le tuarascálacha CETEI, éagsúlacht i measc na mBallstát maidir leis an gcaoi a léirmhíníonn siad na ceanglais in Airteagal 17.

De réir CETEI, níl aon treocht shoiléir ann maidir leis an úsáid a bhaineann na Ballstáit as critéir atá bunaithe ar thíreolaíocht, ar an gcineál deiseanna iascaireachta nó ar roinn cabhlaigh. Leag CETEI béim freisin ar éagsúlacht chórais na mBallstát chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt, rud a léiríonn nach n-úsáideann aon dá Bhallstát an córas céanna. Mar shampla, cé nach n-úsáideann roinnt Ballstát ach lamháltais iascaireachta inaistrithe ([8]) (amhail cuótaí inaistrithe aonair), cuireann Ballstáit eile córas measctha chun feidhme le lamháltais iascaireachta inaistrithe agus cionroinnt bunaithe ar chritéir. Thuairiscigh Ballstáit áirithe go gcuireann siad critéir shórtála bhreise i bhfeidhm freisin maidir leis na lamháltais iascaireachta inaistrithe.

Níor thug na freagraí a sholáthair Ballstáit áirithe sonraí leordhóthanacha maidir leis an gcaoi a n-oibríonn na modhanna cionroinnte. Mar shampla, níor léirigh an fhaisnéis a soláthraíodh i gcónaí cé acu a cuireadh nó nár cuireadh na critéir agus na modhanna cionroinnte céanna i bhfeidhm maidir le gach speiceas a raibh cuóta ann ina leith, nó maidir leis na samplaí a soláthraíodh amháin. Níor thug Ballstáit áirithe tuairisc ach oiread ar an gcaoi a ndearnadh na critéir chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha a ualú.

Níor thuairiscigh ach thart ar leath de na Ballstáit go raibh deiseanna iascaireachta á gcionroinnt acu bunaithe ar chritéir bheachta. D'fhéadfaí na heilimintí seo a leanas a shainaithint ó na freagraí ar na ceistneoirí:

— Is é an critéar is minice a chuirtear i bhfeidhm an chionroinnt bunaithe ar ghabhálacha stairiúla;

— Baineann go leor modhanna cionroinnte le critéar amháin nó níos mó a úsáid a bhaineann le méid an tsoithigh chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt idir cabhlaigh mhórscála agus cabhlaigh ar mionscála;

([4]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) — Gné shóisialta CBI (CETEI-20-14), Doering, R., Fitzpatrick, M. agus Guillen Garcia, J. eagarthóir(í), EUR 28359 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2020, ISBN 978-92-76-27169-7, doi:10.2760/255978, JRC123058. https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC123058.

([5]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) — Sonraí Sóisialta san Iascach — nuashonrú ar na próifílí náisiúnta (CETEI-22-14), Goti, L., Van Hoof, L., Virtanen, J. agus Guillen Garcia, J. eagarthóir(í), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023, doi:10.2760/31328, JRC133702. https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC133702.

([6]) An Coiste Eolaíoch Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) — Sonraí Sóisialta san Iascach (CETEI 23-17), Van Hoof, L., Goti, L., Tardy Martorell, M. agus Guillen, J. eagarthóir(í), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, doi:10.2760/982497, JRC136326. https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC136326.

([7]) Sheol AS MARE litir amach i mí Feabhra 2024 chuig Comhairlí Comhairleacha, chuig údaráis na mBallstát, chuig comhpháirtithe sóisialta agus chuig eagraíochtaí neamhrialtasacha inar iarradh a dtuairimí maidir leis an anailís, a rinne CETEI, ar fhreagra na mBallstát maidir leis an modh chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar an leibhéal náisiúnta. Fuarthas 25 fhreagra ar an gcomhairliúchán sin san iomlán.

([8]) Mar a shainmhínítear i Rialachán CBI 1380/2013, Airteagal 4 (23) *ciallaíonn 'lamháltas iascaireachta inaistrithe' teidlíocht in-aisghairthe úsáideora ar chuid ar leith de na deiseanna iascaireachta atá cionroinnte ar Bhallstát nó a leagtar síos i bplean bainistíochta arna ghlacadh ag Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle [1], a bhféadfaidh an sealbhóir iad a aistriú.*

— Baineann formhór na modhanna tuairiscithe le deiseanna a chionroinnt bunaithe ar chuótaí, agus soláthraítear mionsonraí níos teoranta maidir leis na modhanna a úsáidtear chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt bunaithe ar iarracht iascaireachta;

— Thug Ballstáit áirithe le fios go mbraitheann na critéir shonracha a chuirtear i bhfeidhm ar an roinn chabhlaigh, ar na speicis agus/nó ar na teicnící iascaireachta a úsáidtear (e.g. an Chróit, an Ghréig, Éire agus an tSualainn);

— Úsáidtear critéir chomhshaoil chun cleachtais iascaireachta a dhreasú agus chun idirghníomhaíochtaí dosheachanta amhail foghabhálacha dosheachanta in iascach measctha a chúiteamh. Mar shampla, cionroinntear cuótaí:

  — de réir trealamh iascaireachta sonrach (e.g. an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghréig, Éire, Málta agus an tSualainn);

  — i gcás soithí a úsáideann fuaimghaireas gníomhach chun speicis, amhail céiticigh, a dhíspreagadh ó threalamh iascaireachta (e.g. an Bhulgáir);

  — chun críoch foghabhálacha dosheachanta (e.g. an Chróit, an Chipir, an Danmhairg, an Ghréig, Málta agus an Spáinn).

— Úsáidtear critéir shóisialta chun cuótaí a chionroinnt orthu seo a leanas:

  — iascairí óga (e.g. an Bhulgáir, an Danmhairg agus an Ghréig);

  — nuatheachtaithe i dtionscal na hiascaireachta (e.g. an Ghearmáin agus Málta);

  — iascairí le cleithiúnaithe agus/nó faoi mhíchumas (e.g. an Ghréig).

— Úsáidtear critéir eacnamaíocha (e.g. ag an bhFrainc, ag an nGearmáin agus ag Éirinn), go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar dhálaí margaidh (e.g. éileamh) agus glacadh cuótaí (e.g. an Bhulgáir agus an Rómáin). Is iad seo a leanas na samplaí a tuairiscíodh:

  — rannchuidiú an iascaigh le geilleagar an phobail náisiúnta/áitiúil (e.g. an Phortaingéil, an Ghearmáin agus an Ghréig), agus

  — cabhlaigh a úsáideann trealaimh shonracha atá ag brath go hiomlán ar speicis áirithe (e.g. an Fhrainc, an Phortaingéil agus an Spáinn).

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na modhanna agus na critéir arna dtuairisciú ag na Ballstáit le fáil i dtuarascáil CETEI 23-17.

CUR I BHFEIDHM AIRTEAGAL 17 A THREORÚ

Tiomsaítear sa roinn seo na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme Airteagal 17 a thuairiscigh páirtithe leasmhara le linn an chomhairliúcháin thiomnaithe a reáchtáladh ó mhí Feabhra go mí Aibreáin 2024 agus a thuairiscigh CETEI ina anailís ar na freagraí ó na 22 Bhallstát chósta ar cheistneoirí 2016, 2020, 2022 agus 2023.

Deiseanna iascaireachta

Tugadh faoi deara i dtuarascáil 23-17 ó CETEI, maidir leis an sainmhíniú ar dheiseanna iascaireachta arna roghnú ag na Ballstáit, 'go dtagann sé leis an sainmhíniú is sriantaí nach n-áirítear ann ach GII [Gabháil Iomlán Incheadaithe]' ([9]). Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, go n-áirítear leis an téarma 'deiseanna iascaireachta' sainmhíniú níos leithne, mar a leagtar amach in Airteagal 4(32) den Rialachán um Rialú ([10]):

> *ciallaíonn 'deis iascaireachta' teidlíocht dhlíthiúil chainníochtaithe iascaireachta, arna léiriú i dtéarmaí gabhálacha agus/nó iarracht iascaireachta*

([9]) Roinn 4.1, Tuarascáil 23-17 ó CETEI. Leathanach 68. https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC136326.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Dea-chleachtas 1: cuirtear úsáid critéar trédhearcach agus oibiachtúil **i bhfeidhm maidir leis na deiseanna iascaireachta uile**, bíodh siad bunaithe ar chuóta nó ar iarracht iascaireachta, agus in uiscí an Aontais agus in uiscí lasmuigh den Aontas, agus **tuairiscítear** don Choimisiún í.

Critéir thrédhearcacha

Baineann an ceanglas maidir le critéir thrédhearcacha le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, rud a chiallaíonn, nuair a leagtar critéar amach i bhforáil reachtach (nó i ngníomh riaracháin foilsithe), gur cheart a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil sé trédhearcach ([11]).

Measann roinnt Ballstát go gcomhlíonann siad an ceanglas critéir thrédhearcacha a úsáid tríd an bhfaisnéis ghaolmhar uile a chur ar fáil go poiblí. Tá córas faisnéise i bhfeidhm ag Ballstáit eile a thuairiscíonn do pháirtithe leasmhara nó atá ar fáil arna iarraidh sin. Aithnítear in anailís CETEI ar fhreagraí na mBallstát freisin deacrachtaí maidir le measúnú a dhéanamh ar thrédhearcacht mar gheall ar 'easpa bonnlíne, i measc nithe eile' ([12]).

Áitíodh, cé go gceanglaítear le hAirteagal 17 go mbeidh na critéir a úsáidtear trédhearcach, nach gceanglaítear ar na húdaráis na mionsonraí cionroinnte uile a chur ar fáil go poiblí.

Mar sin féin, mar a luaitear i dTeachtaireacht 2023 maidir le feidhmiú CBI, 'braitheann dea-rialachas freisin ar níos mó trédhearcachta' agus 'ní mór do pháirtithe leasmhara faisnéis shoiléir a bheith acu faoin gcaoi a ndéanann na Ballstáit deiseanna iascaireachta a chionroinnt agus acmhainneacht cabhlaigh a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta.'

Dea-chleachtas 2: cuirtear an **fhaisnéis** maidir leis na modhanna agus na critéir a úsáidtear chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar leibhéal na mBallstát **ar fáil go réamhghníomhach do na páirtithe leasmhara uile**.

Critéir oibiachtúla

Baineann an ceanglas critéir oibiachtúla a úsáid leis an gcumas na sonraí a úsáidtear chun na critéir a shocrú a fhíorú agus a thomhas ([13]).

Meastar go gcomhlíonann formhór na gcritéar tuairiscithe (e.g. gabhálacha stairiúla, cineál trealaimh nó méid soithigh) an ceanglas sin.

I dtreo comhthuiscint ar an gcoincheap 'lena n-áirítear iad siúd de chineál comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch'

Ní bhunaítear le Rialachán CBI critéir chomhchuibhithe de chineál comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch. Ní áirítear ann ach sa dara cuid d'Airteagal 17 liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí de chritéir a d'fhéadfaí a úsáid ([14]). Thuairiscigh CETEI gur dúshlán é sin, agus an tráth céanna tugtar corrlach lánroghnach do na Ballstáit maidir le modhanna cionroinnt a roghnú agus a dhearadh ionas gur féidir leo iad a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha.

([11]) Breithiúnas an 12 Iúil 2018, *Spika agus Eile*, C-540/16, EU:C:2018:565, míreanna 29 go 31.

([12]) Roinn 4.1, Tuarascáil 23-17 ó CETEI. Leathanach 67. https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC136326.

([13]) Breithiúnas an 12 Iúil 2018, *Spika agus Eile*, C-540/16, EU:C:2018:565, mír 30: *'Tagraítear go sainráite don chritéar sin in Airteagal 17 de Rialachán Uimh. 1380/2013, sa liosta critéar a fhéadfaidh na Ballstáit a roghnú a úsáid chun na deiseanna iascaireachta a deonaíodh dóibh a chionroinnt. Leagtar amach an critéar sin freisin i bhforáil reachtach, is é sin Airteagal 171 den Dlí maidir le hIascach, atá bunaithe, trí thagairt a dhéanamh do sciar stairiúil na n-oibreoirí atá i gceist, ar shonraí oibiachtúla atá intomhaiste agus infhíoraithe ag na húdaráis inniúla.'*

([14]) *Féadfar a áireamh leis na critéir a bheidh le húsáid, inter alia, tionchar na hiascaireachta ar an gcomhshaol, an comhlíonadh go dtí seo, an rannchuidiú leis an ngeilleagar áitiúil agus leibhéil stairiúla gabhála.* (Airteagal 17 den Rialachán CBI).

Léiríonn an fhaisnéis a bhailigh CETEI agus a ndearna sé anailís uirthi go bhfuil éagothromaíocht nach beag ann maidir leis an úsáid a bhaineann na Ballstáit as critéir lena n-áirítear critéir de chineál comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch. Cé go n-áirítear critéir sna trí réimse sin sna modhanna cionroinnte tuairiscithe, ní léir i gcónaí cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na critéir i bhfeidhm go cothrom maidir leis na stoic uile. Ní léir ach oiread cén t-ualú a thugtar do gach ceann díobh, nó cé acu a dhéantar nó nach ndéantar critéir ó níos mó ná cineál amháin a chomhcheangal i ngach modh cionroinnte tuairiscithe. Ina theannta sin, is féidir le critéar amháin rannchuidiú le níos mó ná catagóir amháin, agus ní léir i gcónaí an réasúnaíocht is bun le roghnú na gcritéar sin.

Tá roinnt samplaí de chritéir thuairiscithe a úsáideann na Ballstáit mionsonraithe thíos in Achoimre 1.

Achoimre 1. Liosta neamh-uileghabhálach de chritéir arna dtuairisciú ag na Ballstáit agus na deiseanna iascaireachta á gcionroinnt acu ar shoithí atá faoina mbratach.

a. Comhshaol:
   i. trealamh roghnaitheach iascaireachta a úsáid
   ii. teicnící iascaireachta a úsáid ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol
   iii. ídiú fuinnimh laghdaithe
   iv. damáiste laghdaithe don ghnáthóg
b. Sóisialta
   i. méid an chriú
   ii. úinéirí nua soithí nó iascairí óga
   iii. criú a bhfuil conradh fostaíochta aige agus iascairí óga
   iv. iascairí ar mhionscála
   v. soithí iascaireachta ar bhonn réigiúnach amháin
   vi. soithí a infheistíonn in oiliúint an chriú
c. Eacnamaíoch
   i. inmharthanacht nó indéantacht
   ii. rannchuidiú leis an ngeilleagar áitiúil
   iii. leibhéal gabhála stairiúil
   iv. stair an chomhlíonta

Is féidir critéir áirithe a áireamh faoi chatagóir amháin nó níos mó. Ní liosta uileghabhálach é seo de shamplaí agus ní féidir breathnú air mar mholadh sonrach, dea-chleachtas ná formhuiniú critéar den sórt sin ag an gCoimisiún, ós rud é go bhféadfadh an méid a mheastar a bheith dearfach i gcomhthéacsanna áirithe a bheith fritorthúil i gcomhthéacsanna eile. Mar a luadh cheana, is iad na Ballstáit féin is fearr atá in ann an cur chuige is iomchuí a chinneadh chun Airteagal 17 a chomhlíonadh.

Ceanglaítear le hAirteagal 17 ar na Ballstáit na deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc a soithí, ar bhealach a chuireann le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta.

Le hAirteagal 17 tugtar rogha do na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcuirtear na critéir i bhfeidhm: mar shampla, is féidir leo níos mó critéar (nó níos lú) a roghnú faoi gach catagóir, de réir an tsampla in Achoimre 1.

Dea-chleachtas 3: léiríonn an **fhaisnéis** a thuairiscítear don Choimisiún agus a sholáthraítear do pháirtithe leasmhara **gach ceann de na trí chineál critéar** dá dtagraítear in Airteagal 17 i.e. critéir chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha.

BREITHNITHE EILE MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM AIRTEAGAL 17

Liostaítear sa roinn seo saincheisteanna eile a d'eascair as an gcomhairliúchán tiomnaithe leis na páirtithe leasmhara, as freagraí na mBallstát ar cheistneoirí agus as anailís CETEI.

Chun soiléireacht agus treoir a thabhairt, tá an roinn seo struchtúrtha mar fhreagraí ar na hábhair imní a cuireadh in iúl sna hidirghníomhaíochtaí éagsúla sin.

Ábhar imní: 'Ní thagraítear in Airteagal 17 ach do chuótaí a chionroinneann na Ballstáit in uiscí an Aontais.'

Tagraíonn Airteagail 16 agus 17 do dheiseanna iascaireachta, mar a tuairiscíodh roimhe seo, **lena gcuimsítear cuótaí agus iarracht iascaireachta araon**. **Níl** an tAirteagal **teoranta do** dheiseanna iascaireachta a chionroinntear ar na Ballstáit in **uiscí an Aontais** amháin ach tá feidhm aige freisin maidir le huiscí neamh-AE (uiscí idirnáisiúnta agus uiscí tríú tíortha).

Ábhar imní: 'Níl feidhm ag Airteagal 17 ach amháin maidir le deiseanna iascaireachta nua a chionroinnt. Bunaíodh na córais chionroinnte a úsáideadh i mo Bhallstát i bhfad sular áiríodh Airteagal 17 i Rialachán CBI agus is toradh iad ar phlé casta agus fada agus ar chomhthoil le ranna cabhlaigh éagsúla. Próiseas casta fada a bheadh ann dá n-athrófaí iad, próiseas a mbeadh tionchar aige ar na samhlacha gnó atá ann cheana.'

Tá feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 17 maidir leis na modhanna cionroinnte arna gcinneadh ag na Ballstáit. Ní chuireann siad de cheangal ar na Ballstáit modhanna a athrú a mhéid a úsáideann siad critéir thrédhearcacha oibiachtúla cheana féin, lena n-áirítear critéir de chineál comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch.

Aithníonn an Coimisiún na hiarrachtaí a thuairiscigh roinnt Ballstát chun idirphlé a chur chun cinn agus chun comhthoil a chothú i measc ranna cabhlaigh éagsúla maidir le deiseanna iascaireachta a chionroinnt. Is eol don Choimisiún freisin a thábhachtaí atá cobhsaíocht agus deimhneacht dhlíthiúil d'iascairí. Ach mar gheall ar na dúshláin a bhaineann le hiascach san Aontas, tá gá le córais atá in ann oiriúnú. D'fhéadfadh sé nach iad na modhanna a d'oibrigh na deicheanna de bhlianta ó shin na modhanna is iomchuí a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua.

Dea-chleachtas 4: Déantar **athbhreithniú tréimhsiúil** ar na modhanna agus ar na critéir a úsáideann na Ballstáit chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt **chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith ábhartha**.

Ábhar imní: 'Ní thagraíonn Airteagal 17 do chionroinnt deiseanna iascaireachta atá faoi réir córas lamháltas iascaireachta inaistrithe.'

An oibleagáid an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na modhanna cionroinnte deiseanna iascaireachta atá in úsáid ag na Ballstáit chun na deiseanna sin a chionroinnt ar shoithí atá faoina mbratach, mar a leagtar síos in Airteagal 16(6), ní bhaineann sí leis na deiseanna iascaireachta atá faoi réir córas lamháltas iascaireachta inaistrithe.

An tráth céanna, ní athraíonn sé sin an ceanglas atá ar na Ballstáit deiseanna iascaireachta a chionroinnt i gcomhréir le cuspóirí níos leithne CBI.

Dea-chleachtas 5: déantar feabhsuithe trédhearcachta agus cumarsáide **a mheas freisin i gcás deiseanna iascaireachta atá faoi réir lamháltas iascaireachta inaistrithe.**

Tugadh faoi deara i dtuarascáil 23-17 ó CETEI ([15]) 'nach ndearna na Ballstáit ag a bhfuil Cuótaí Inaistrithe Aonair ('ITQ') modhnuithe ábhartha ar na socruithe atá acu cheana'. Mheas CETEI 'gur fearr is féidir déileáil le saincheist lamháltais iascaireachta inaistrithe/cuóta inaistrithe aonair trí chionroinnt phríomhúil agus thánaisteach a dheighilt ([16]), i gcás inar féidir níos mó faisnéise a thabhairt maidir leis an gcionroinnt phríomhúil de ghnáth'.

([15]) Tuarascáil 23-17 ó CETEI: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC136326.

([16]) Tuarascáil 23-17 ó CETEI: Cionroinnt phríomhúil: cionroinnt ón mBallstát ar Eagraíochtaí Táirgeoirí, ar ghnólachtaí nó ar dhaoine aonair. Cionroinnt thánaisteach: cionroinnt ó shealbhóir an chuóta, e.g. Eagraíocht Táirgeoirí, ar a comhaltaí lena n-áirítear malartuithe.

Ábhar imní: 'Leis na córais chionroinnte atá in úsáid ag na Ballstáit faoi láthair, ní cheadaítear solúbthacht ná freagairtí tapa chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna iascaireachta atá ar fáil.'

Tá roinnt mhaith samplaí de mhodhanna a úsáideann na Ballstáit, lena n-áirítear córais lamháltas iascaireachta inaistrithe/cuótaí inaistrithe aonair, chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar ranna cabhlaigh, ar réigiúin, ar eagraíochtaí táirgeoirí, ar chuideachtaí nó ar shoithí, atá cosúil le heochair chobhsaíochta choibhneasta intíre. Fiú nuair is féidir babhtálacha a dhéanamh, d'fhéadfadh sé nach dtairgfí iad nó go nglacfaí leo ar chúiseanna margaidh iomaíocha idir oibreoirí.

Mar shampla, i gcás ina ndéanann ranna cabhlaigh cionroinnt cuótaí agus ina bhfuil roinnt cuótaí ag roinn ar leith le haghaidh stoic éagsúla, is féidir léi cinneadh a dhéanamh iascaireacht a dhéanamh orthu siúd atá níos brabúsaí agus gan díriú orthu siúd lena mbaineann luach níos lú, gan na cuótaí a aistriú chuig ranna cabhlaigh eile.

D'fhéadfadh acmhainneacht theoranta a bheith ag údaráis na mBallstát na cuótaí nár úsáideadh a athúsáid mura ndearna na córais chionroinnt cásanna den sórt sin a mheas roimhe sin (mar shampla trí chúlchistí cuótaí a shocrú). I sampla comhchosúil, faoin gcóras ITQ, is féidir le hoibreoirí cinneadh a dhéanamh cuótaí gan iascaireacht a fhágáil ar roinnt cúiseanna agus bheadh tionchar díreach ag aon chinneadh seachtrach ar an gcuideachta agus, is dócha, go mbeadh dlíthíocht inmheánach náisiúnta mar thoradh air.

Is féidir le deiseanna iascaireachta nár úsáideadh an bonn a bhaint de sheasamh an Aontais sa chaibidlíocht idirnáisiúnta agus, ar an iomlán, fadhb shóisialta a chruthú maidir le dáileadh éagórach acmhainne nádúrtha comhroinnte comhchoitinne.

Dea-chleachtas 6: Cuirtear san áireamh sna modhanna cionroinnte **an fhéidearthacht deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a ath-chionroinnt** ar bhealach trédhearcach, tráthúil agus gníomhach.

Ábhar imní: 'De réir Airteagal 17, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go dtabharfaidh na Ballstáit tosaíocht do chritéir áirithe thar chritéir eile.'

Níor thuairiscigh na Ballstáit ach oiread go raibh critéir chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha ann le haghaidh na modhanna cionroinnte uile, rud a chiallaíonn nach raibh an tosaíocht a tugadh d'aon cheann acu soiléir i gcónaí.

Aithníonn an Coimisiún go bhfuil sé de shaincheart ag na Ballstáit na hualuithe faoi seach a chinneadh do na critéir chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha a roghnaíonn siad.

Déanann an Coimisiún anailís féachaint an rannchuidíonn modhanna tuairiscithe leis an inbhuanaitheacht fhadtéarmach chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta, mar a leagtar síos i Rialachán CBI.

Dea-chleachtas 7: tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta bunaithe ar mhodheolaíocht lena gcuimsítear **meascán** de chritéir chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha.

Ábhar imní: 'Luaitear in Airteagal 17 mar chritéir tionchar na hiascaireachta ar an gcomhshaol, stair chomhlíontachta, an rannchuidiú leis an ngeilleagar áitiúil agus leibhéil gabhála stairiúla. Dá bhrí sin, ba cheart aird leordhóthanach a thabhairt ar na critéir sin i gcórais chionroinnte.'

Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 17: 'féadfar a áireamh leis na critéir a bheidh le húsáid, *inter alia*, tionchar na hiascaireachta ar an gcomhshaol, an cruthúnas ar chomhlíonadh, an rannchuidiú leis an ngeilleagar áitiúil agus leibhéil stairiúla gabhála.' Ciallaíonn úsáid na foclaíochta 'féadfar a áireamh... *inter alia*' gur cheart na critéir sin a léirmhíniú mar liosta léiritheach, ach ní chiallaíonn sé sin nach mór iad a bheith i láthair i gcónaí.

Thairis sin, ceanglaítear le hAirteagal 17 ar na Ballstáit gach iarracht a dhéanamh roghnaíocht a dhreasú agus an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil dóibh á gcionroinnt acu ([17]).

([17]) Déanfaidh na Ballstáit iarracht dreasachtaí a chur ar fáil do shoithí iascaireachta a bhfuil leas á bhaint acu as trealamh iascaireachta roghnaíoch nó as teicnící iascaireachta a laghdaíonn an tionchar ar an gcomhshaol, amhail tomhailt laghdaithe fuinnimh nó maolú ar an damáiste a dhéantar don ghnáthóg'.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar na samplaí a leagtar síos in Airteagal 17 agus ar an éifeacht a bhaineann le deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar an méid seo a leanas: (i) soithí a bhfuil tionchar comhshaoil níos mó acu ná soithí eile atá ina gcabhlaigh; (ii) soithí a raibh stair neamhchomhlíonta acu; nó (iii) soithí a chuirfidh gníomhaíochtaí traidisiúnta nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe seanbhunaithe as áit.

Dea-chleachtas 8: le cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta, **dreasaítear cleachtais iascaireachta inbhuanaithe** agus cuirtear borradh faoin **oiriúnú do dhúshláin mhóra**.

AN COIMISIÚN A CHUR AR AN EOLAS FAOI MHODHANNA CIONROINNTE

Le hAirteagal 16(6) de Rialachán CBI, ceanglaítear ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na modhanna atá in úsáid acu chun a ndeiseanna iascaireachta a chionroinnt ar shoithí atá faoina mbratach.

Is léir ón gcleachtas gur chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas ar bhealaí éagsúla, le minicíochtaí éagsúla agus le sonraí éagsúla. Fágann sé sin, uaireanta, go mbíonn sé deacair íomhá shoiléir a bheith ann dá bhfuil ag tarlú le cionroinnt deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic, cabhlaigh agus réigiúin áirithe.

Chun feabhas a chur ar an staid sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an fhaisnéis a shonraítear thíos in Achoimre 2 a chur san áireamh agus an Coimisiún á chur ar an eolas faoi na modhanna agus na critéir a úsáidtear chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt.

Achoimre 2: Faisnéis atá le cur san áireamh agus an Coimisiún á chur ar an eolas faoi na modhanna agus na critéir a úsáidtear chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt.

— foirm na ndeiseanna iascaireachta, bíodh na gabhálacha iomlána incheadaithe (TAC), cuótaí agus teorainneacha iarrachta iascaireachta cainníochtaithe.

— na critéir a chuirtear i bhfeidhm chun na deiseanna sin a chionroinnt, lena n-áirítear critéar comhshaoil amháin ar a laghad, critéar sóisialta amháin agus critéar eacnamaíoch amháin.

— an chaoi a ndéantar na critéir a ualú, lena n-áirítear dreasachtaí a bheith ann, más ann dóibh, mar a mholtar in Airteagal 17.

— na hionstraimí a úsáidtear chun trédhearcacht a áirithiú, lena n-áirítear rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i socrú modhanna cionroinnt agus i gcur in iúl na dtorthaí don phobal i gcoitinne.